



Gréasán Gaeilge na hEarnála Poiblí



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Clár

Contents



- **An Ghaeilge agus Rialtas na hÉireann** | The Irish Language and the Government of Ireland
- **Cé muid féin?** | Who are we?
- **An Ghaeilge** | The Irish language
- **Clárú** | Registration
- **Deiseanna** | Opportunities
- **Acmhainní** | Resources
- **Imeachtaí** | Events
- **Aiseolas** | Feedback
- **Nuacht & Teagmháil** | News & Keeping in Touch
- **Nathanna úsáideacha** | Useful phrases



An Ghaeilge agus Rialtas na hÉireann

The Irish Government and the Irish Language

Síníodh **Acht na dTeangacha Oifigiúla** ina dhlí ar 14 Iúil 2003 agus rinneadh leasú ar an Acht in 2021.

Is é príomhaidhm an Achta a chinntiú go gcuirtear feabhas ar sholáthar seirbhísí poiblí trí Ghaeilge ag cur san áireamh:

- go mbeidh 20% d'earcaigh chuig comhlachtaí poiblí inniúil i nGaeilge faoi dheireadh 2030;
- go gcuirfeadh na seirbhísí poiblí uile sa Ghaeltacht agus don Ghaeltacht ar fáil trí Ghaeilge;
- go mbeidh gach oifig phoiblí sa Ghaeltacht ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge;
- go mbunófaí Coiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge a fhorbródh Plean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge; agus
- go dtabharfar córas caighdeán teanga isteach in ionad chóras na scéimeanna teanga.

Ar an 20 Eanáir 2026 seoladh **Plean Gníomhaíochta do 2026-2028** faoin **Plean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge 2024-2030**.

Tá sé mar aidhm ag an bPlean Gníomhaíochta seo cur chuige iomlánaíoch, intomhaiste agus praiticiúil a ghlacadh i leith chur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge 2024-2030, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2024.

Féachann na tionscnaimh crosghearrtha atá sa phlean gníomhaíochta seo le feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí poiblí dátheangacha ar fud na tíre – go háirithe i gceantair Ghaeltachta, trí réimse beart éagsúil. Díríonn sé ar struchtúir thacúla a fhorbairt agus cuimsíonn sé bearta atá dírithe ar fhorbairt acmhainne, feasachta agus scileanna chomh maith le cúrsaí teicneolaíochta.

Cuirtear an-bhéim sa Phlean seo ar bhearta bainteach leis an oll-spríoc earcaíochta a bhaint amach, is é sin go mbeidh 20% d'earcaigh chuig comhlachtaí poiblí inniúil i nGaeilge faoi dheireadh 2030.

Mar thoradh ar an obair seo, déanfar normalú ar an nGaeilge agus cuirfeadh í ag croílár na seirbhíse poiblí, ag cumasú do chainteoirí na teanga í a úsáid agus iad ag déanamh éileamh ar sheirbhísí.

The Official Languages Act was signed into law on 14 July 2003 and was amended in 2021.

The primary objective of the Act is to ensure the improved provision of public services through the Irish language including:

- 20% of recruits to the public bodies will be competent in the Irish language by the end of 2030;
- all public services provided in and for Gaeltacht areas will be provided through Irish;
- all public offices in the Gaeltacht will operate through the medium of Irish; and
- an Advisory Committee on Irish Language Services be established to develop a National Plan for Irish Public Services; and
- a language standard system be introduced in place of the language schemes system.

On 20 January 2026, the **Action Plan for 2026-2028** was launched under the **National Plan for Irish Language Public Services 2024-2030**.

This Action Plan, looks to take a holistic, measurable and practical approach to the implementation of the National Plan for Irish Language Public Services 2024-2030, which was published in October 2024.

Cross-cutting initiatives contained in the action plan look to enhance the provision of bilingual public services across the country – particularly in Gaeltacht areas, through a range of various measures. It focuses on developing the supportive structures and includes measures focused on capacity and awareness building, skills development and technology.

The plan places a particular emphasis on measures to be undertaken to achieve the overarching recruitment target that 20% of recruits to public sector bodies will be competent in Irish by the end of 2030.

Ultimately this will enable the normalisation of the Irish language as an integral part of the public service and will also empower speakers of the language to use it when accessing services.



Cé muid féin?

Who are we?

Is tionscadal de chuid Rialtas na hEireann é Gréasan Gaeilge na hEarnála Poiblí, a bunaíodh i samhradh na bliana 2024. Tá sé mar aidhm ag an nGréasán Gaeilge daoine atá ag obair san earnáil phoiblí a thabhairt le chéile agus deiseanna a chur ar fáil dóibh a gcuid Gaeilge a labhairt agus a chleachtadh ag ócáidí rialta. Fáiltítear roimh státseirbhísigh, fostaithe na hearnála poiblí i gcoitinne, gráid ghairmiúla/theicniúla ar nós dochtúirí, altraí, múinteoirí, innealtóirí, comhairleoirí dlí agus ról eile ar nós Gardaí Síochána, tiománaithe bus agus eile.

Is gné lárnach atá sa ghréasán seo in iarrachtaí an rialtais iomlánú a dhéanamh ar na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil d'fhoghlaimeoirí agus cainteoirí Gaeilge trasna na hearnála poiblí sna blianta amach romhainn, go háirithe i gcomhthéacs obair an rialtais faoi **Achtanna na dTeangacha Oifigiúla 2003-2021** agus an **Plean Gníomhaíochta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge 2026-2028** faoin **Plean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge 2024-2030** chun cur le líon na ndaoine le hinniúlacht Ghaeilge sa chóras agus dá thoradh, líon na seirbhísí poiblí a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge don phobal, go háirithe sa Ghaeltacht.

Gréasan Gaeilge na hEarnála Poiblí is a project of the Government of Ireland, established in the summer of 2024. Gréasan Gaeilge aims to provide opportunities for them to speak and practice their Irish at regular events. This network welcomes civil servants, public sector employees in general, professional/technical grades such as doctors, nurses, teachers, engineers, legal advisers and other roles such as Gardaí Síochána, bus drivers and others.

This network is a core objective in the government's efforts to increase support for learners and speakers of the Irish language across the public sector in the coming years, especially in the context of government's work under the **Official Languages Acts 2003-2021** and the **Action Plan for Irish Language Public Services 2026-2028** under the **National Plan for Irish Language Public Services 2024-2030**, both of which aim to increase the number of people with Irish language competence within the public service and as a result, the number of public services made available through Irish to the public, especially in the Gaeltacht.



An Ghaeilge

Fáilteofar roimh gach duine sa Ghréasán, beag beann ar an leibhéal Gaeilge atá acu, ón bhfoghlaimoir go dtí cainteoir inniúil agus gach leibhéal idir eatarthu. Déanfar freastal ar fhostaithe san earnáil phoiblí:

- atá ag iarraidh a bheith i measc comhluidir Gaeilge go rialta nó fiú, go hócáideach;
- ar spéis leo aithne a chur ar dhaoine eile san earnáil phoiblí a labhraíonn Gaeilge;
- a bhíonn ag úsáid Gaeilge ina gcuid oibre;
- ar mian leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge; agus/nó
- ar mhaith leo ról le Gaeilge san earnáil phoiblí a bhaint amach sa todhchaí.

People with all levels of Irish will be welcomed, from the learner to the fluent speaker and everyone in between. We cater for all Public Sector employees:

- who want to be among Irish-speaking communities regularly or even occasionally;
- who are interested in getting to know other people in the Public Sector who speak Irish;
- who use Irish in their work;
- who wish to develop their competence in the language; and/or
- who are preparing to move to an Irish-speaking position within the Public Sector in the future.

Clárú

Registration

Cén fáth gur chóir duit clárú linn?

Why sign up?

Is é mian ár gcroíthe freastal ar dhaoine san earnáil phoiblí atá ag iarraidh:


- Gréasánú le cainteoirí agus foghlaimeoirí eile Gaeilge;
- Freastal ar imeachtaí trí Ghaeilge, go rialta nó go hócáideach;
- Dul ar thurais le grúpaí cairde seanbhunaithe nó cairde nua, ar mian leo seal a chaitheamh i mbun ngníomhaíochtaí le comhluadar taitneamhach, cairdiúil caoithiúil;
- Sult a bhaint as na caithimh aimsire agus na gníomhaíochtaí fóillíochta is fearr leo as Gaeilge; agus/nó
- Caitheamh aimsire úrnua a thriail trí Ghaeilge!

We are dedicated to serving all Public Service personnel who wish to:

- Connect with other Irish language speakers and learners;
- Attend events through Irish on a regular basis or even occasionally;
- Go on trips with groups of old or new friends, who wish to enjoy pleasurable pursuits with congenial company;
- Enjoy their favourite hobbies and leisure activities through Irish; and/or
- Pursue a new interest or hobby while immersed in our native language.

Deiseanna

Opportunities



Acmhainní

Resources

Foclóir na míosa

Dictionary of the month

Cuireann muid acmhainní foghlamtha ar fáil le d'aistear Gaeilge a éascú. Gach mí eiseofar liosta focal agus frásaí úsáideacha a bheidh bunaithe ar imeachtaí atá ag teacht aníos nó ar théamaí séasúracha. Beidh an foclóir ar fáil sa nuachtlitir, ar ár suíomh gréasáin agus cuirfear blaiseadh de ar na meáin shóisialta.

We provide learning resources to help you on your Irish Language journey. Each month we issue a series of useful words and phrases based on upcoming events or seasonal topics. The dictionary is available in our newsletter, on our website, and we share some keywords on social media.

Spotsolas ar ghairmeacha

Careers spotlight

An gcuireann tú spéis i laethanta oibre dhaoine eile? Ar mhaith leat tuilleadh eolais a fháil faoi ghairm ar leith? Is mír sheasta é **'Spotsolas ar Ghairmeacha'** inár nuachtlitir. Gach mí cuireann muid duine atá ag obair san earnáil phoiblí nó pearsa aitheanta i saol na Gaeilge faoi agallamh chun léargas a thabhairt dúinn ar ghairmeacha éagsúla. Tá na hagallaimh seo ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon. Seo cuid de na haíonna a cuireadh faoi agallamh go dtí seo: **Eoin McEvoy** (Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath), **Máire Seó Breathnach** (Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge), **Caitríona Nic an tSaoir** (TG4).

Are you interested in how other people spend their working day? Do you want to learn more about a particular career? **'Spotlight on Careers'** is a regular feature of our newsletter. Each month we interview someone who works in the public sector or a well-known Irish Speaker to get a flavour of various careers. These interviews are available bilingually. Here are some of our interviewees to date: **Eoin McEvoy** (University College Dublin), **Máire Seó Breathnach** (Waterford County & City Council), **Caitríona Nic an tSaoir** (TG4).

FOCLÓIR NA MÍOSA

Cócaireacht Cooking



Déan réidh don chúrsa cócaireachta!
Get ready for our cookery course!

Forc - Fork
Spúnóg - Spoon

SPOTSOLAS AR GHAIIRMEACHA




Caitríona Nic an tSaoir
Eagarthóir / Léiritheoir Margaíochta agus Láithreoir Aimsire in TG4
Marketing Editor / Producer and Weather Presenter in TG4

Nuachtlitir

An Chéad Mhórócáid Eile
The Next Super-Event

09 07 35 21
Lá Uair Nóimád Seicid



Folúntais le Gaeilge san Earnáil Phoiblí

Vacancies with Irish in the Public Sector

Déanaimid gach dícheall oiread de na folúntais le Gaeilge atá san earnáil phoiblí a roinnt le ball an Ghreásáin Ghaeilge.

We do our best to share as many of the Irish language vacancies that are available in the public sector with the members with Greasán Gaeilge members.

Folúntais | Vacancies

Nuachtlitir mhíosúil

Monthly newsletter

Gach mí eisítear eagrán nua dár nuachtlitir. Bíonn míreanna éagsúla dátheangacha ann ar nós; Nuacht an Ghréasáin, Imeachtaí, Spotsolas ar Chairmeacha, Foclóir na Míosa, Folúntais, Nuachtlitir Acht na dTeangacha Oifigiúla, Nuachtlitir Pleanála Teanga agus Comórtas na Míosa.

Each month we release an issue of our newsletter. It includes various bilingual sections such as; News an Ghréasáin, Events, Career Spotlight, Dictionary of the Month, Vacancies, Official Irish Language Act Newsletter, Language Planning Newsletter and Competition of the Month.

Folúntais

Vacancies

Nuair atá Spotsolas ar Chairmeacha léite agat, seans go gcuirfidh tú spéis i bpost nua. Bíonn na folúntais ar fad le Gaeilge san earnáil phoiblí ar fáil sa nuachtlitir agus ar ár suíomh idirlín. Má tá tuilleadh eolais uait faoi ghairmeacha féideartha san earnáil phoiblí, [cliceáil anseo](#)

After reading Spotlight on Careers, you might be interested in a new job. We upload all the vacancies for jobs in the public sector with Irish to our website and in our newsletter. If you're interested in learning more about possible careers in the civil service, [click here](#)

Cur i láthair

Presentations



An Oifigeach Teangacha Oifigiúla thú do do chomhlacht poiblí ar mian leat cruinniú a shocrú linn ar líne nó i bpersa nó cur i láthair a fháil uainn do d'eagraíocht faoin nGréasán Gaeilge? Le linn na gcruinnithe déanfaimid cur síos ar obair an Ghréasáin, na himeachtaí éagsúla a réachtálaimid, acmhainní atá ar fáil uainn agus neart eile. An bhfuil tuilleadh eolais uait? Seol ríomhphost chuig Máire Bríd Ní Ghionnáin ag eolas@greasangaeilge.ie.

Are you the Official Languages Officer of your public organization and do you wish to arrange a meeting with us online or in person, or to receive a presentation from us for your organization about the Gréasán Gaeilge? Gréasán Gaeilge na hEarnála Poiblí. During the meeting we can discuss our work, our various events, resources that are available, statistics and much more. Would you like more information? Email Máire Bríd Ní Ghionnáin at eolas@greasangaeilge.ie.

Go speisialta do bhaill an ghréasáin!

Exclusive to gréasán members!



Cuirfear earraí uathúla ar fáil do bhaill an Ghréasáin ag gach imeacht agus is féidir iad a ordú uainn freisin le seoladh chugat sa phost.

Gréasán members will receive unique Gréasán items at each event and we can also send them to you in the post if you wish.

Earraí eisiacha atá ar fáil | Unique items available

Fáinne Eochracha | Keyring

Sparán Fóin | Phone Wallet

Láinnéar | Lanyard

Mata Luiche | Mouse Mat

Mála Tote | Tote Bag

Peann | Pen

Súil ar roinnt imeachtaí go dtí seo

A glance at some events to date

Tá sé beartaithe 4 mhór-imeacht ar an meán a reáchtáil in aghaidh na bliana, mar aon le himeachtaí réigiúnacha agus sainspéise

An average of 4 major events are planned to be held per year, together with other regional and special interest events



Mórócáidí

BBQ

Cabaret na Nollag
Breithlá an Ghréasáin
Seachtain na Gaeilge
Aoichainteoirí

Super Events

BBQ

Christmas Cabaret
Gréasán's Birthday
Seachtain na Gaeilge
Guest Speakers



Seisiúin ar Líne

Ranganna lóga
Ranganna Cócaireachta
Seisiúin Análaithe &
Suaimhneas Intinne

Online Sessions

Yoga Classes
Cookery Classes
Breathing &
Mindfulness Sessions



Imeachtaí Réigiúnacha

Pop-Up Gréasán
Tráth na gCeist Boird
dátheangach

Regional Events

Pop-Up Gréasán
Bi-lingual Table Quiz



Imeachtaí Sainspéise

Turas chuig an bPictiúrlann
Turas chuig Amharclann
Siúlóidí Treoraithe
Féile Grinn na Gaillimhe
Féile Imram

Special Interest Events

A visit to the Cinema
A visit to the Theatre
Guided Walks
Galway Comedy Festival
Imram Festival

Aiseolas ónár gcuid ball

Feedback from our members

"Tá Gréasán Gaeilge na hEarnála Poiblí ina acmhainn luachmhar dúinne i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tugann sé ardán dúinn chun nasc a dhéanamh le comhghleacaithe san earnáil phoiblí, acmhainní praiticiúla a roinnt agus an Ghaeilge a chur chun cinn go nádúrtha i measc fhostaithe FSS. Tá an obair atá déanta go dtí seo thar a bheith tábhachtach agus tá muid ag súil go mór le bheith páirteach ann amach anseo."

"Gréasán Gaeilge na hEarnála Poiblí is a valuable resource for us in the HSE. It gives us a platform to connect with colleagues across the Public Sector, to share practical resources, and to promote the Irish language in a natural way amongst HSE staff. The work achieved so far has been hugely important, and we look forward to continuing to play an active role in the future."

"Bhí na cainteoirí an-suimiúil agus ba bhealach iontach é an biongó chun labhairt le daoine nua."

"Bhain mé an-sult as, ba é mo chéad uair ag aon imeacht den Ghréasán. Bhí sé eagraithe go hiontach! Na haoichainteoirí agus óstach (thar cionn!) an bia (ní raibh mé ag súil le sin! GRMA) agus an cluiche - thug sé deis mhaith dom chaint le daoine eile."

"Bhí na daoine go léir an chairdiúil, bhí an treoraí ó na Cnocadoirí ar fheabhas, bhí an siúl an-oiriúnach dom ó thaobh deacracht is mar sin de. Bhí deis agam mo chuid Gaeilge cainte a chleachtadh gan aon bhrú."

"Very inclusive regardless of competence in the Irish Language".

"Presenter - v. welcoming - spoke English & Irish to help understanding.

Coordinators - all lovely and welcoming! Food/ bar setup I was too busy ag caint that I didn't get to the games!"





Nuacht & teagmháil

News & keeping in touch

Nuachtlitir mhíosúil | Monthly newsletter

Seolfar an nuachtlitir chuig baill an Ghréasáin gach mí le nuacht faoi imeachtaí an Ghréasáin agus imeachtaí eile ar fud fad na tíre; agallaimh, acmhainní, Nuachtlitir Acht na dTeangacha Oifigiúla, Nuachtlitir Pleanála Teanga, comórtais agus neart eile.

Each month you'll receive our monthly newsletter with news on our events and events all over the country, interviews, resources, Official Irish Language Act Newsletter, Language Planning Newsletter, competitions and lots more.

Ríomhphost | Email

Ba bhreá linn cloistéal uait! Má tá ceist nó moladh agat is féidir ríomhphost a sheoladh chugainn.

We would love to hear from you! If you have a question or recommendation, you can email us.



eolas@greasangailge.ie

Máire Bríd Ní Chionnáin

WhatsApp

Coinnigh i dteagmháil le do chuid cairde sa Ghréasán Gaeilge! Tá Pobal WhatsApp againn inar féidir leat teagmháil rialta a choinneáil le baill an Ghréasáin fud fad na tíre. Glac páirt sna grúpaí éagsúla agus cuir aithne ar dhaoine a bhfuil na sainspéiseanna céanna acu!

Keep in touch with your friends in the Gréasán Gaeilge! We have a WhatsApp Community that you can use to chat to members all over the country. Partake in the various groups and get to know people with the same interests.

Meáin shóisialta | Social media

Lean muid ar na hardáin shóisialta ar fad!

Follow us on all social media platforms!

@greasangailge



Nathanna úsáideacha

Useful phrases

Oscailt ríomhphoist

Email opening

- A chara,
- Universal use for Dear / To / Hi etc.

Síniú ar Rphost

Email Sign-off:

- Le gach dea-mhéin,
- Le gach dea-ghuí,
- Le meas,
- Is mise le meas,
- Buíochas,
- Go raibh maith agat,
- With every good wish,
- With every good wish,
- With respect,
- I am, with respect,
- Thank you,
- Thank you,

Míonna

Months:

- Eanáir / mí Eanáir
- Feabhra / mí Feabhra
- Márta / mí an Mhárta
- Aibreán / mí Aibreáin
- Bealtaine / mí na Bealtaine
- Meitheamh / mí an Mheithimh
- Iúil / mí Iúil
- Lúnasa / mí Lúnasa
- Meán Fómhair / mí Mheán Fómhair
- Deireadh Fómhair / mí Dheireadh Fómhair
- Samhain / mí na Samhna
- Nollaig / mí na Nollag
- January
- February
- March
- April
- May
- June
- July
- August
- September
- October
- November
- December

Laethanta

Days:

- Luan / Dé Luain
- Máirt / Dé Máirt
- Céadaoin / Dé Céadaoin
- Déardaoin
- Aoine / Dé hAoine
- Satharn / Dé Sathairn
- Domhnach / Dé Domhnaigh
- Monday
- Tuesday
- Wednesday
- Thursday
- Friday
- Saturday
- Sunday

Nathanna úsáideacha

Useful phrases

Uimhreacha

Numbers:

- 0
- 1
- 2
- 3
- 4
- 5
- 6
- 7
- 8
- 9
- a náid
- a haon
- a dó
- a trí
- a ceathair
- a cúig
- a sé
- a seacht
- a hocht
- a naoi

Nathanna ginearálta

General Terms:

- Buíochas!
- Míle buíochas!
- Buíochas libh/leat!
- Go raibh maith agat/agaibh!
- Go raibh míle maith agat/agaibh!
- Le do thoil / Le bhur dtoil
- An féidir liom cabhrú leat?
- Gabh mo leithscéal, ach níl mórán Gaeilge agam
- Fan nóiméad, le do thoil,
- Nóiméad amháin, le do thoil,
- Tá a líne gafa faoi láthair
- 'Sé a uimhir / a huimhir ghutháin (ná) XXXX
- Sílim go mbeidh <AINM> in ann / ábalta cabhrú leat
- Sílim go mbeidh <AINM> in ann / ábalta cúnamh a thabhairt duit
- Thanks!
- Thanks very much!
- Thank you (sing./pl.)
- Thank you! (sing./pl.)
- Thank you! (sing./pl.)
- Please (sing./pl.)
- Can I help you?
- I'm sorry, I don't have much Irish
- Please wait a minute
- Please wait a minute
- His / Her line is busy just now
- His / Her number is XXXX
- I think <NAME> may be able to assist you
- I think <NAME> may be able to assist you

Nathanna úsáideacha

Useful phrases

Script shamplach do ghlórphoist dhátheangacha

Sample script for bilingual voicemails

Gnáth-theachtaireacht ghuthán:

Tá tú tríd ag <AINM>. Nílím ar fáil faoi láthair, ach fág d'ainm agus d'uimhir agus tiocfaidh mé ar ais chugat a luaithe agus is féidir.

Teachtaireacht ghutháin as oifig – rogha 1:

Tá tú tríd ag <AINM>. Táim as oifig go dtí an <DÁTA>. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg ar <UIMHIR> nó teachtaireacht a fhágáil agus tiocfaidh mé ar ais chugat ar m'fhilleadh.

Teachtaireacht ghutháin as oifig – rogha 2:

Tá tú tríd ag <AINM>. Táim as oifig faoi láthair. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg ar <UIMHIR> nó teachtaireacht a fhágáil agus tiocfaidh mé ar ais chugat ar m'fhilleadh.

Normal voicemail:

You're through to <NAME>. I'm not available at the moment but please leave your name and number and I'll get back to you as soon as possible.

Out of office voicemail – option 1:

You're through to <NAME>. I'm out of the office until <DATE>. You can contact the section at <NUMBER> or leave a message and I'll get back to you upon my return.

Out of office voicemail – option 2:

You're through to <NAME>. I'm out of the office at the moment. You can contact the section at <NUMBER> or leave a message and I'll get back to you upon my return.

Sínithe ríomhphoist

Email signatures

Le gach dea-mhéin,
<Céadainm | First Name>

<Ainm Iomlán | Full Name>

<Grád | Grade>

<Aonad | Unit>

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

<Seoladh GA>

<Address EN – only if outside a Gaeltacht!>

+353 (0)X XXXXXX | +353 (0)XX XXXXXXXX

<Nasc chuig Leathanach ábhartha ar Shuíomh na Roinne | Link to relevant page on Dept. Website>

Nathanna úsáideacha

Useful phrases

Téasc samplach d'fhógraí as oifig dátheangacha

Sample text for bilingual out of office notices

Can rochtain rialta ar ríomhphoist | Without regular access to emails:

A chara,

Níl rochtain rialta agam ar mo chuid ríomhphost faoi láthair. Beidh mé ar ais i ngnáth[1]theagmháil ar <DÁTA>. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg idir an dá linn más gá ar <SEOLADH_RPHOIST> nó ar <UIMHIR>.

I don't have regular access to emails at the moment. I'll be back in normal contact on <DATE>. You can contact the Section in the meantime if necessary at <EMAIL_ADDRESS> or on <NUMBER>.

Le gach dea-mhéin,
<AINM/NAME>

Fógra as Oifig | Out of Office Notice:

A chara,

Táim as oifig faoi láthair go dtí 00/00/2023.
Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg idir an dá linn más gá ar <SEOLADH_RPHOIST> nó ar <UIMHIR>.

I am currently out of office until 00/00/2023.
You can contact the Section in the meantime if necessary at <EMAIL_ADDRESS> or on <NUMBER>.

Le gach dea-mhéin,
<AINM/NAME>

Nathanna úsáideacha eile

Other useful phrases

Stór focal úsáideach

Useful vocabulary

Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin le haghaidh liosta cuimsitheach d'fhoclóir úsáideach. Tá comhaid fhuaimne ann le cuid acu chun cabhrú le forléirithe. Clúdaíonn na hábhair seo a leanas:

Visit our website for an extensive list of useful vocabulary. There are some sound files to help with pronunciation. Topics cover include the following:

- Frásaí úsáideacha leathúla | Useful everyday phrases
- Ag freastail ar ócáid | Attending an event
- Frasaí aimsire | Phrases about the weather
- Do bhaile | Your home
- Na Ranna rialtais | Government departments
- Beannachtaí Séasúracha | Seasonal greetings
- Ceol & féilte | Music & festivals
- Tréimhse ama | Period of time
- Laethanta na seachtaine | Days of the week
- Míonna na bliana | Months of the year
- Léitheoireacht & leabhar | Reading & books
- Scannáin & teilifís | Films & television
- Spóirt | Sport
- Treabhadh | Ploughing

Tuilleadh Eolais | More Information: www.greasangaeilge.ie/focloir





Cláraigh Linn!



+353 (0)91 572 545

www.greasangailge.ie

eolas@greasangailge.ie

Páirc Gnó Chasla, Casla,
Co. na Gaillimhe, H91 XP6E

